Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Meán Fómhair 2023
(OR. en)

12649/23

LIMITE

ENV 960

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Rún an Choimisiúin tús a chur le plé maidir le páirt a ghlacadh, thar ceann an Aontais, i Ráiteas Comhpháirteach Aireachta de chuid na Comhghuaillíochta Ard-Uaillmhéine chun deireadh a chur leis an Truailliú Plaisteach<br>- Údarú chun Ionstraim Neamhcheangailteach a chaibidil |

1. An 14 Samhain 2022, chuaigh an tAontas isteach sa Chomhghuaillíocht Ard-Uaillmhéine chun deireadh a chur leis an truailliú plaisteach, a sheol an Iorua agus Ruanda i mí Lúnasa 2022, chun tacú leis an gcaibidlíocht idir-rialtasach arna sainordú le rún 5/14 ó Chomhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe maidir le hionstraim idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí chun deireadh a chur leis an truailliú plaisteach. Is i gCoiste Caibidlíochta Idir-Rialtasach (INC), a chuir tús lena chuid oibre i mí na Samhna 2022, a bhíonn an chaibidlíocht ar siúl.

2. Maidir leis an tríú seisiún den Choiste Caibidlíochta, a bheidh ar siúl an 13-19 Samhain 2023 in Nairobi na Céinia (INC-3), tá sé i gceist ag an gComhghuaillíocht Ard-Uaillmhéine Ráiteas Comhpháirteach Aireachta a eisiúint lena ndearbhaítear go bhfuil sé d'uaillmhian aige ionstraim idirnáisiúnta éifeachtach chuimsitheach a bheidh ceangailteach ó thaobh dlí a bhaint amach.[1]

[1] Rinneadh ráiteas comhchosúil cheana féin ag an dara seisiún caibidlíochta (INC-2, an 29 Bealtaine go dtí an 2 Meitheamh 2023, Páras). Ghlac an Coimisiún páirt, thar ceann an Aontais, sa ráiteas ag an am sin maidir le cur i gcrích an nós imeachta le haghaidh ionstraimí neamhcheangailteacha.

3. An 2 Lúnasa 2023, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle nóta faisnéise ina leagtar amach an rún atá aige chun tús a chur le plé maidir le bheith páirteach, thar ceann an Aontais, i ráiteas comhpháirteach aireachta de chuid na Comhghuaillíochta Ard-Uaillmhéine chun deireadh a chur leis an Truailliú Plaisteach le haghaidh INC-3. Is mar 12292/23 a scaipeadh an nóta sin.

4. I gcomhréir leis na Socruithe le haghaidh Ionstraimí Neamhcheangailteacha a chomhaontaigh an Chomhairle, an Coimisiún agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) i mí na Nollag 2017, measfar gur ionstraim neamhcheangailteach ina bhfuil gealltanais pholaitiúla é ráiteas comhpháirteach aireachta de chuid na Comhghuaillíochta Ard-Uaillmhéine le haghaidh INC-3[2].

5. Tháinig an Mheitheal um Shaincheisteanna Idirnáisiúnta i leith an Chomhshaoil (Domhanda) ar chomhaontú maidir leis an nóta thuasluaite ón gCoimisiún trí nós imeachta neamhfhoirmiúil an tosta an 1 Meán Fómhair 2023. Scrúdaigh an Mheitheal um an gComhshaol an nóta an 6 Meán Fómhair 2023 agus chomhaontaigh sí le rún an Choimisiúin tús a chur leis an bplé maidir le páirt a ghlacadh, thar ceann an Aontais, i Ráiteas Comhpháirteach Aireachta de chuid na Comhghuaillíochta Ard-Uaillmhéine maidir le Deireadh a chur leis an Truailliú Plaisteach le haghaidh INC-3.

6. Dá réir sin, agus faoi réir deimhniú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle rún an Choimisiúin tús a chur leis an bplé ar pháirt a ghlacadh, thar ceann an Aontais, i Ráiteas Comhpháirteach Aireachta de chuid na Comhghuaillíochta Ard-Uaillmhéine chun deireadh a chur leis an Truailliú Plaisteach le haghaidh INC-3 a fhormheas mar a leagtar amach in 12292/23 é.

---

[2] Na socruithe idir an Coimisiún, an Chomhairle agus SEGS maidir le hionstraimí neamhcheangailteacha, mar a leagtar amach in 15367/17 iad.



PUBLIC